Polasaí Leighis agus Tinnis

•Scoláire Tinn sa Teach Lóistín agus Dochtúir ar Fáil ar an Oileán.

• Déanann bean an tí cinneadh ar cheart don dalta dul ar scoil nó fanacht sa teach.

• Déanann bean an tí cinneadh an bhfuil gá le dochtúir nó nach bhfuil.

• Cuireann bean an tí fios ar an phríomhoide faoina cinneadh láithreach.

• Más gá le cuairt dochtúra tógann an príomhoide agus cinnire nó bean an tí an scoláire go dtí an dochtúir.

• Más gá do scoláire fanacht sa teach ba cheart go mbeadh duine éigin eile sa teach le bean/fear an tí.

• Aon leigheas a thugtar don scoláire fágtar le bean/fear an tí é.

• Má bhíonn tinneas leanúnach i gceist agus nach féidir leis an pháiste freastáil ar imeachtaí an choláiste, iarrfar ar na tuismitheoirí an páiste a thabhairt abhaile.

• Déanfaidh an príomhoide cinneadh ar chóir scéal an chuairt dochtúra a thabhairt don tuismitheoir. (Beidh an scoláire ábalta an scéal a insint ag am fóin)

• Ba cheart a chur ina luí ar na scoláirí gur cheart dóibh nuair nach bhfuil siad ag aireachtáil go maith é sin a chur in iúl do bhean an tí nó má/nuair a theastaíonn uathu dul chuig an dochtúir é sin a chur in iúl do bhean an tí. Má théann siad chuig an ionad leighis ón gColáiste, ba cheart dóibh é sin a chur in iúl do bhean an tí. Scoláire Tinn sa Teach Lóistín nuair nach bhfuil Dochtúir ar Fáil .

• Más gá le dochtúir, glaíonn bean/fear an tí ar Nowdoc agus cuireann sí/sé fios ar an phríomhoide.

• I gcás práinneach cuirfear glaoch ar 999 nó 112 agus cuifear fios ar an phríomhoide a chuirfidh fios ar na tuismitheoirí.

• Tá freagracht fiacha dochtúra agus cóir leighis ar chlann an scoláire. Riachtanais Speisialta Sláinte Níl sé ar leas an scoláire atá faoi bhrú pearsanta nó a bhfuil fadhbanna móra aige nó aici sa bhaile achur chuig an Ghaeltacht. Ar mhaithe le leas an linbh i rith ár gcúrsaí tá dualgas ar thuismitheoirí eolas a thabhairt i scríbhínn agus treoireacha cúrám a chur i scríbhínn chuig Coláiste Chara roimh deireadh Mí Bealtaine.faoi:

• Aon tinneas fisiciúl/ meabhairghalar, riocht leighis (Fiabhras Léana, Plúchadh, neamhord itheacháin

• Riachtanais san aiste bia (feoilséantóir) • Ailléirgí (bia, cóir leighis etc.

• Cúinsí Teaghlaigh (dífhostaíocht, scaradh tuismitheoirí, colscaradh, bás, tinneas)

• Fadhbanna pearsanta

• Riachtanais Speisialta Oideachais (e.g. Disléicse, Neamhord ar Speictream an Uathachais, Lagú Éisteachta/Radhairc etc.

• Cógais (Iad go léir) Coinnítear aon eolas ábhaireach faoi leas an scoláire i gcomhad agus tabharfar an t-eolas ábhaireach seo do Bhean/Fear an tí agus do mhúinteoirí. Leigheas Phearsanta Níl leigheas de shaghas ar bith ceadaithe i seilbh an scoláire. Tá Bean/Fear an tí freagrach as é a choinneáil agus é a bheith ar fáil don scoláire.